

Ag Próiseáil Sonraí Vacsaínithe COVID-19 i gcomhthéacs Fostaíochta agus an Phrótaicail um Oibriú go Sábháilte

Mar a leantar ar aghaidh le hoscait an gheilleagair agus na sochaí le laghdú roinnt de na srianta COVID-19, tá go leor fostóirí ag iarraidh a thuiscint cén eolas a chaitheann siad a phróiseáil maidir le filladh a gcuid fostaithe ar an áit oibre. Go háirithe, ceistíodh an féidir le fostóirí eolas faoi stádas vacsaínithe COVID-19 a gcuid fostaithe a bhailiú agus a phróiseáil go dleathach.

Ba cheart go thaispeánfaidh an chomhairle ó údarais sláinte phoiblí in Éirinn cén phróiseáil sonraí a bhfuil riachtanach agus dlisteanach i gcomhthéacs COVID-19 a bhainistiú san áit oibre. Is í an phríomhfhoinsé eolais sa chomhthéacs seo ná an [Prótacal um Oibriú go Sábháilte: Prótacal Náisiúnta COVID-19 d'Fhostóirí agus d'Oibrithe](#).

Leagann an Prótacal amach roinnt riachtanais a éileoidh ar fhostóirí sonraí pearsanta a phróiseáil. Mar shampla, ba cheart d'fhostóirí loga teagmhálaithe le rianú teagmhálaithe a éascú. Ba cheart d'fhostaithe foirm a chomhlíonadh freisin roimh Filleadh ar Obair, ina bhfuil a gcuid sonraí pearsanta. **Faoi láthair, ní éilíonn an Prótacal ar fhostóirí aon eolas a bhailiú faoi stádas vacsaínithe agus ní theastaítear é seo do na foirmeacha roimh Filleadh ar Obair.**

Níor cheart d'fhostóirí sonraí vacsaínithe COVID-19 a phróiseáil ach amháin de réir mar is gá chun cuspóir dlisteanach ar leith a bhaint amach de réir comhairle ghinearálta agus comhairle dírithe ar earnáil áirithe maidir le sláinte phoiblí. Tá an doiciméad treorach seo bunaithe ar chomhairle reatha maidir le sláinte phoiblí, agus dá réir sin d'fhéadfadh go n-athróidh sé.

Íoslaghdaí Sonraí

Luann an Prótacal “gan aird ar thabhairt isteach an vacsaínithe, ba cheart go leanfadh bearta rialaithe agus coiscthe ionfhabhtuithe Sláinte Poiblí (ar nós scaradh fisiciúil, sláinteachas lámh agus riospráide, cumhdaigh aghaidhe/maisc, aerú méadaithe), agus oibriú as baile a mhéid agus is féidir le líonta laghdaithe daoine in ionaid oibre a éascú, de bheith i bhfeidhm go fóill”. Ba cheart go smaoinfeadh ar an réimse iomlán bearta atá ar fáil d'fhostóirí chun sábháilteacht a choinneáil san áit oibre, is ansin amháin is féidir a mheas an bhfuil aon gá le heolas faoi stádas vacsaínithe. De réir an phrionsabail ioslaghdaithe sonraí, ba cheart go gcuirfidh fostóirí gach cineál beart a fhanfaidh amach ó shonraí pearsanta a gcuid fostaithe a phróiseáil sa chéad áit.

Cineál Deonach an Vacsaínithe

Sonraí pearsanta catagóirí speisialta faoin GDPR atá i gceist le heolas faoi stádas vacsaínithe duine. Is cuid de thaifead pearsanta sláinte an duine é, agus tugtar cosaintí bhreise dó faoin dlí cosanta sonraí. Luann an Prótacal gur cinneadh deonach é vacsaín a fháil agus go ndéanfaidh daoine aonair a gcinntí féin ina thaobh seo. Tugann sé seo le fios nár cheart go bhféachfar ar vacsaíniú go hiondúil mar bheart riachtanach sábháilteachta san áit oibre agus, mar sin de, ní dócha go mbeidh próiseáil sonraí vacsaínithe riachtanach nó comhréireach i bhformhór na gcomhthéacsanna fostaíochta.

Comhthéacsanna Fostaíochta ar Leith

Tá roinnt comhthéacsanna fostaíochta ar leith ina bhféadfaí go mbeidh gá le próiseáil a dhéanamh ar shonraí a léiríonn stádas vacsaínithe, ag brath ar mheasúnú riosca agus le tagairt don treoir sláinte phoiblí sainearnála.

Tugtar le fios sa leagan reatha den Phrótacal go bhfuil cúinsí teoranta ann inar cheart go dtabharfar vacsaíniú mar bheart sláinte agus sábháilteachta san áit oibre (mar a leagtar síos faoi na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Oibreáin Bhitheolaíoch) 2013 agus 2020).

D'fhéadfadh go mbeidh cásanna eile, mar shampla, i sholáthar seirbhísí cúraim sláinte, ina bhféadfaí féachaint ar vacsaíniú mar bheart riachtanach sábháilteachta, bunaithe ar threoir ábhartha sainearnála. Mar shampla, sa Treoir maidir le hlompar Gairmiúil agus Eitic do Chleachtóirí Cláraithe Leighis ó Comhairle na nDochtúirí Leighis, luaitear gur cheart do chleachtóirí a bheith “vacsaínithe i gcoinne galair theagmhálacha”.

Sna cásanna éagsúla seo, d'fhéadfadh go mbeidh fostóir in ann cúis dlisteanach a aithint ar a gcaithfidh fios a bheith aige/aici an bhfuil a f(h)ostaithe vacsaínithe nó nach bhfuil, le sláinte agus sábháilteacht oibríthe agus cuairteoirí a bhainistiú. Ba cheart d'fhostóirí measúnú riosca a dhéanamh, ag tagairt d'aon chomhairle sainearnála sláinte phoiblí, le socrú an bhfuil aon gá leo bheith ar an eolas faoi stádas vacsaínithe a gcuid fostaíthe chun críche na bearta a theastaíonn uathu.

Neamhchothroime Cumhachta

Tarlaíonn próiseáil sonraí pearsanta i gcomhthéacs fostaíochta i gcúinse ina bhfuil neamhchothroime ann idir an ábhar sonraí (fostaí) agus an rialaitheoir sonraí (fostóir). Mar sin de, níor cheart go n-iarrfaí ar fhostaithe toiliú le sonraí vacsaínithe a phróiseáil, mar ní dócha go dtabharfar an toiliú seo faoi shaoirse. Dá bhrí sin, beidh gá le sraith sainchúinsí le cúis mhaith seachas toiliú mar bhonn faoi.

Oifigeach Leighis Sláinte

Le linn dó/di a d(h)ualgais sláinte poiblí a dhéanamh faoi na Rialachain maidir le Galair Thógálacha 1981, arna leasú, d'fhéadfadh go mbeidh ar Oifigeach Leighis Sláinte rochtain a fháil ar stádas vacsaínithe fostaithe. D'fhéadfadh go dtarlóidh an cineál próiseála seo nuair a aithníodh ráig COVID-19 in áit oibre, agus ceadaítear í go sonrach faoin dlí cosanta sonraí, nuair a déantar í cás ar chás, ma chinntear gur rud riachtanach í agus ar iarratas ón Oifigeach Leighis Sláinte.

D'fhéadfaí athbhreithniú a dhéanamh ar an treoir thuas má thagann athrú ar an gcomhairle agus ar na dlíthe sláinte poiblí maidir le cineál an víris, an phaindéim agus an t-idirghníomhú le vacsaíniú. Ba cheart d'fhostóirí a bhfuil ceisteanna acu faoi bhailiú eolais vacsaínithe ina n-earnáil ar leith nó i gcomhthéacs áirithe dul ar iontaoibh an treoir is déanaí sláinte poiblí ar an gcéad dul síos.